An Roinn Oideachais
Department of Education

# Creatchuraclam na Bunscoile

## Do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)



# Clár an Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| 1 | Réamhrá ón Aire Oideachais | 02 |
| 2 | Réamhrá | 03 |
| 3 | Fís | 05 |
| 4 | Prionsabail na Foghlama, an Teagaisc, agus an Mheasúnaithe | 06 |
| 5 | Príomhinniúlachtaí | 08 |
| 6 | Réimsí agus Ábhair sa Churaclam | 14 |
| 7 | Foghlaim, Teagasc, agus Measúnú | 20 |
| 8 | Leithdháiltí Ama | 28 |
| 9 | Aistrithe agus Leanúnachas i bhFoghlaim Páistí | 30 |
| 10 | Oideachas Ionchuimsitheach agus Éagsúlacht | 32 |
| 11 | Tuismitheoirí agus an Timpeallacht Foghlama sa Bhaile | 34 |
| 12 | Ag Tacú le Pobail Scoile le Cur i bhFeidhm an Churaclaim | 34 |
| 13 | Tagairtí | 36 |
| 14 | Aguisín: Leithdháiltí Ama Molta | 38 |

# Réamhrá ón Aire Oideachais

Is gné thábhachtach den fhoghlaim a dhéanann siad ina saol ar fad í an fhoghlaim a dhéanann páistí sa bhunscoil. Ag fiosrú, ag cruthú agus bunchlocha a thógáil i réimsí amhail Teangacha, ETIM, na hEalaíona, Oideachas Sóisialta agus Imshaoil agus ina bhforbairt féin. Is féidir le buanna agus scileanna a chothaítear i gcéimeanna luatha an oideachais tionchar foirmitheach a imirt ar shaol na bpáistí.

Seoladh curaclam na bunscoile sa bhliain 1999, agus tá go leor athruithe tagtha ar ár sochaí agus ar ár seomraí ranga ó shin.

Tá athfhorbairt churaclam na bunscoile ar bun le roinnt blianta anuas, athfhorbairt atá chun na hathruithe seo a chur san áireamh agus chun freastal níos fearr ar pháistí an lae inniu. Tá an obair seo corpraithe i bhfoilseachán *Chreatchuraclam na Bunscoile do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta*.


Seo é an chéad chreatchuraclam riamh don bhunoideachas in Éirinn. Cuireann an creat, a d'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, i gcomhpháirtíocht dhlúth le scoileanna, páirtithe oideachais, agus páirtithe leasmhara eile, i gcomhairle le páistí, tuismitheoirí, agus oideoirí, conair ar fáil d'athfhorbairt an churaclaim do gach bunscoil agus scoil speisialta sna blianta amach romhainn.

Creidim go dtacaíonn *Creatchuraclam na Bunscoile* le foghlaim, teagasc, agus measúnú ar ardchaighdeán a chuireann an páiste i lár an phróisis foghlama. Tá sé mar aidhm aige a chinntiú go mbaineann na daltaí ar fad barr a gcumais amach. Aithním nach féidir seo a bhaint amach gan díograis leantach ár gceannairí scoile agus múinteoirí a bhfuil ardscileanna acu. Spreagfaidh a gcuid iarrachtaí inár seomraí ranga, a mheastar a bheith an-luachmhar, ár gcuid foghlaimeoirí agus cinnteoidh siad caighdeán na n-eispéireas agus cuspóirí foghlama.

Beidh tiomantas iad siúd ar fad atá bainteach san oideachas, ár bpáirtithe oideachais, agus páirtithe leasmhara, go háirithe ceannairí scoile agus múinteoirí, ag teastáil le go n-éireoidh le *Creatchuraclam na Bunscoile*. Beidh tiomantas mo Roinne ag teastáil freisin le cinntiú go dtacaítear go cuí le scoileanna agus go gcuirtear na hacmhainní cuí ar fáil dóibh lena n-áirítear forbairt ghairmiúil ar ardchaighdeán a chur ar fáil.

Táim ag súil leis an gcomhoibriú leantach i gcóras an bhunoideachais agus le hobair in éineacht le ceannairí scoile, múinteoirí, tuismitheoirí, agus, ar ndóigh, na daltaí féin, agus ár mbealach á dhéanamh againn tríd an aistear seo i dtreo curaclaim nua bunscoile do chách.





**An tAire Norma Foley TD**
An tAire Oideachais

# Réamhrá

Tá ceart ar oideachas ag gach páiste in Éirinn. Is é *Creatchuraclam na Bunscoile* an bonn le haghaidh foghlama, teagaisc, agus measúnaithe ar ardchaighdeán do gach páiste atá ag freastal ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta.

Léiríonn curaclam tosaíochtaí oideachais a mheasann an tsochaí, ag pointe ama, a bheith tábhachtach dá saoránaigh óga. D'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) *Creatchuraclam na Bunscoile* trí chur chuige comhoibritheach, a bhfuil taighde, obair leanúnach le pobail scoile, comhairliúchán leathan, agus plé fairsing mar bhonn eolais faoi. Mar sin, léiríonn an creat dearcadh na sochaí i gcoitinne ar cad ba cheart curaclam a sholáthar dár bpáistí agus sinn ag breathnú níos faide isteach sa 21ú haois.

Tá ról ríthábhachtach ag an oideachas maidir le cur le sochaí na hÉireann atá daonlathach, cothromasach, agus cóir. Cuireann sé le braistint féiniúlachta agus mhuintearais gach páiste mar bhall dá bpobal agus ag an am céanna cuireann sé le cúrsaí tosaíochta idirnáisiúnta agus domhanda. Cuireann sé ar acmhainn páistí a bheith ag breathnú orthu féin mar dhaoine aonair le cearta agus freagrachtaí, agus mar chuid de ghrúpaí sóisialta, lena n-áirítear sa seomra ranga agus sa scoil, sa phobal áitiúil, agus i gcomhthéacsanna náisiúnta agus domhanda. Aithníonn an creat eispéiris páistí i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta mar thréimhse 'ag maireachtáil anois' agus 'ag éirí ina' – ag ceiliúradh eispéiris óige reatha páistí, agus ag féachaint dá dtodhchaí agus cad a d'fhéadfadh a bheith in ann dóibh.

Ón lá a thagann páistí ar an saol, cuireann siad tús lena dturas oideachais trí idirghníomhaíochtaí agus eispéiris agus tugann *Creatchuraclam na Bunscoile* aitheantas don aistear foghlama ar a bhfuil gach páiste agus cuireann sé leis an aistear foghlama sin. Tógann an creat ar phrionsabail agus ar théamaí *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* (CNCM, 2009) agus nascann sé leis na heispéiris foghlama a chuirtear ar fáil sa tSraith Shóisearach (ROS, 2015). Cuireann an curaclam páistí i gcroílár a gcuid foghlama agus soláthraíonn sé do chur chuige iomlánaíoch maidir le hoideachas páistí. Tá turas foghlama gach páiste difriúil, agus mar sin tugann an curaclam solúbthacht agus rogha do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile agus iad ag tacú le páistí ina bhforbairt iomlánaíoch.

Ceann de na tréithe a bhaineann leis an oideachas bunscoile in Éirinn is ea an éagsúlacht a bhaineann le cineálacha agus le comhthéacsanna na scoileanna. Is do gach scoil na treoracha maidir le hathrú curaclaim atá leagtha amach sa chreat, agus is féidir leo riachtanais agus leasanna ar leith na bpáistí, a dtuismitheoirí,[1] pobal na scoile i gcoitinne, agus spiorad saintréitheach na scoile a chur san áireamh.


[1] Cuimsítear tuismitheoir altrama, caomhnóir nó duine eile ag gníomhú in loco parentis ar pháiste le 'tuismitheoir'.

Tacaíonn an creat le curaclam bunscoile a fhorbairt a:

- thógann ar rath agus láidreachtaí na gcuraclam roimhe seo agus ag an am céanna aithníonn sé dúshláin, riachtanais, agus tosaíochtaí síorathraitheacha agus freagraíonn sé dóibh
- chuireann le cumas scoileanna a bheith gníomhaíoch agus solúbtha
- dhéanann naisc leis an méid a fhoghlaimíonn páistí agus leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad sa réamhscoil, i mbunscoileanna, i scoileanna speisialta, agus in iar-bhunscoileanna
- shainaithníonn agus a fhreagraíonn do thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn maidir le foghlaim páistí
- athraíonn conas a dhéantar an curaclam a struchtúrú agus a chur i láthair
- thacaíonn le cuir chuige agus straitéisí oideolaíochta éagsúla le measúnú lárnach don fhoghlaim agus don teagasc.

Léiríonn *Creatchuraclam na Bunscoile* an tuiscint chomhroinnte atá againn ar an iliomad gnéithe dearfacha den oideachas inár mbunscoileanna agus inár scoileanna speisialta, agus an mhuinín atá againn astu. Tacaíonn sé le boird bhainistíochta ina ndualgais reachtúla a chinntiú go gcuirtear oideachas cuí ar fáil do gach páiste inár scoileanna agus admhaíonn sé a bhfreagrachtaí maidir le spiorad saintréitheach na scoile. Tugann an creat treoirphlean freisin chun feabhas an bhunoideachais agus an oideachais speisialta a threorú sna blianta amach romhainn. De réir mar a théann forbairtí chun cinn, forbrófar sonraíochtaí curaclaim nua do na cúig réimse curaclaim agus dá n-ábhair ghaolmhara, agus soláthrófar tacair uirlisí chun tacú le foghlaim, teagasc, agus measúnú. Déanfar forbairtí in oideachas speisialta agus i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL), mar theanga aitheanta de chuid na hÉireann, a chur chun cinn i gcomhréir leis an Roinn Oideachais agus le beartas níos leithne.

Sna rannóga a leanann leagtar amach fís; prionsabail; príomhinniúlachtaí; struchtúr; cuir chuige i leith foghlama, teagaisc, agus measúnaithe; agus leithdháiltí ama Churaclam na Bunscoile.





# Fís

Tá sé mar aidhm leis an gcuraclam bunchloch láidir a leagan síos do gach páiste chun go mbeidh siad in ann a bheith rathúil agus bláthú, ag tacú leo chun a gcumas iomlán a chomhlíonadh mar dhaoine aonair agus mar bhaill de phobail agus den tsochaí i gcaitheamh a n-óige, de réir mar a théann siad ar aghaidh tríd an mbunoideachas agus an t-oideachas speisialta, agus isteach san iar-bhunoideachas. Agus é ag tógáil ar an taithí a bhí acu roimhe seo, féachtar ar pháistí sa churaclam mar dhaoine uathúla, ábalta, agus comhbhácha, agus ar mhúinteoirí mar ghairmithe tiomanta, sciliúla, agus gníomhaíocha.[2] Tacaíonn sé le foghlaim, teagasc, agus measúnú ar ardchaighdeán atá ionchuimsitheach agus fianaisebhunaithe agus aithníonn sé ceart gach páiste dul chun cinn a dhéanamh i ngach réimse dá gcuid foghlama agus forbartha.



[2] Déanann múinteoir gníomhaíoch cinntí gairmiúla agus eolacha mar fhreagairt ar riachtanais foghlama na bpáistí.

# Prionsabail na Foghlama, an Teagaisc, agus an Mheasúnaithe

Tá ocht bprionsabal teagaisc agus foghlama is gá do scoileanna a chur san áireamh agus iad ag iarraidh fís an churaclaim a chur i bhfeidhm (féach Fíor 1). Cuireann na prionsabail in iúl céard iad na nithe san oideachas bunscoile agus speisialta a gcuirimid luach orthu agus céard atá i gcroílár na foghlama, an teagaisc, agus an mheasúnaithe ardchaighdeáin i gcuraclam na bunscoile. Tá na prionsabail leathan chun comhthéacsanna scoile éagsúla agus cúinsí, eispéiris, agus cumais dhifriúla na bpáistí a chur san áireamh.

**PRIONSABAIL NA FOGHLAMA, AN TEAGAISC, AGUS AN MHEASÚNAITHE**

### COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ

Saibhríonn agus méadaíonn comhpháirtíochtaí agus comhoibriú idir scoileanna, teaghlaigh, agus pobail foghlaim na bpáistí trína saol ar scoil agus taobh amuigh di a aithint agus tacú leis.

### TIMPEALLACHTAÍ FOGHLAMA

Múnlaíonn agus cothaíonn an timpeallacht fhisiciúil foghlaim na bpáistí, taobh istigh agus taobh amuigh. Spreagann na timpeallachtaí ilghnéitheacha seo neamhspleáchas na bpáistí agus cothaíonn siad agus tacaíonn siad lena bhfoghlaim trasna an churaclaim.

### OIDEACHAS IONCHUIMSITHEACH AGUS ÉAGSÚLACHT

Soláthraíonn oideachas ionchuimsitheach do chothromas deise agus rannpháirtíochta i bhfoghlaim na bpáistí. Ceiliúrann oideachas ionchuimsitheach an éagsúlacht agus freagraíonn sé d'uathúlacht gach páiste.

### OIDEOLAÍOCHT

Baineann múinteoirí úsáid as cineálacha cur chuige agus straitéisí oideolaíochta atá cuí agus bunaithe ar fhianaise chun rannpháirtíocht, úinéireacht, agus dúshlán a chothú agus iad ag ceangal le heispéiris saoil na bpáistí agus leis na rudaí a bhfuil suim acu iontu.

### GNÍOMHÚ AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT

Bíonn páistí gníomhach agus léiríonn siad a gcumas gníomhúcháin mar an cumas le gníomhú go neamhspleách agus roghanna a dhéanamh i dtaca lena bhfoghlaim agus ina bhfoghlaim. Tugann eispéiris churaclaim deiseanna dóibh chun cinntí a dhéanamh, a bheith cruthaitheach, agus comhoibriú a dhéanamh.

### CAIDRIMH

Tacaíonn caidrimh chomhbhácha taobh istigh de phobal na scoile le rannpháirtíocht, spreagadh, agus foghlaim na bpáistí agus bíonn tionchar dearfach acu orthu.

### AISTRITHE AGUS LEANÚNACHAS

Tógtar ar réamhfhoghlaim, ar fhéinluach, agus ar fhéiniúlacht na bpáistí agus iad ag bogadh ón mbaile go dtí an réamhscoil agus ar aghaidh go dtí na naíonáin shóisearacha, agus de réir mar a théann siad ar aghaidh tríd an mbunscoil. Leagann sé sin bunchloch thábhachtach síos le haghaidh foghlama agus iad ag bogadh go dtí an iar-bhunscoil.

### MEASÚNÚ AGUS DUL CHUN CINN

Tá measúnú fiúntach comhoibríoch agus tá sé mar bhunchuid de theagasc agus d'fhoghlaim ardchaighdeáin. Bíonn páistí, múinteoirí, tuismitheoirí, agus daoine eile páirteach ann. Cuireann sé eolas ar fáil a fheabhsaíonn an teagasc agus cuireann sé eolas ar fáil faoin dul chun cinn i bhfoghlaim na bpáistí trasna an churaclaim agus tacaíonn sé leis an dul chun cinn céanna.

Fíor 1: Prionsabail na foghlama, an teagaisc, agus an mheasúnaithe

## Aistrithe agus leanúnachas

Tógtar ar réamhfhoghlaim, ar fhéinluach, agus ar fhéiniúlacht na bpáistí agus iad ag bogadh ón mbaile go dtí an réamhscoil agus ar aghaidh go dtí na naíonáin shóisearacha, agus de réir mar a théann siad ar aghaidh tríd an mbunscoil. Leagann sé sin bunchloch thábhachtach síos le haghaidh foghlama agus iad ag bogadh go dtí an iar-bhunscoil.

## Caidrimh

Tacaíonn caidrimh chomhbhácha taobh istigh de phobal na scoile le rannpháirtíocht, spreagadh, agus foghlaim na bpáistí agus bíonn tionchar dearfach acu orthu.

## Oideolaíocht

Baineann múinteoirí úsáid as cineálacha cur chuige agus straitéisí oideolaíochta atá cuí agus bunaithe ar fhianaise chun rannpháirtíocht, úinéireacht, agus dúshlán a chothú agus iad ag ceangal le heispéiris saoil na bpáistí agus leis na rudaí a bhfuil suim acu iontu.

## Comhpháirtíochtaí

Saibhríonn agus méadaíonn comhpháirtíochtaí agus comhoibriú idir scoileanna, teaghlaigh, agus pobail foghlaim na bpáistí trína saol ar scoil agus taobh amuigh di a aithint agus tacú leis.

## Timpeallachtaí foghlama

Múnlaíonn agus cothaíonn an timpeallacht fhisiciúil foghlaim na bpáistí, taobh istigh agus taobh amuigh. Spreagann na timpeallachtaí ilghnéitheacha seo neamhspleáchas na bpáistí agus cothaíonn siad agus tacaíonn siad lena bhfoghlaim trasna an churaclaim.

## Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht

Soláthraíonn oideachas ionchuimsitheach do chothromas deise agus rannpháirtíochta i bhfoghlaim na bpáistí. Ceiliúrann oideachas ionchuimsitheach an éagsúlacht agus freagraíonn sé d'uathúlacht gach páiste.

## Gníomhú agus rannpháirtíocht

Bíonn páistí gníomhach agus léiríonn siad a gcumas gníomhúcháin mar an cumas le gníomhú go neamhspleách agus roghanna a dhéanamh i dtaca lena bhfoghlaim agus ina bhfoghlaim. Tugann eispéiris churaclaim deiseanna dóibh chun cinntí a dhéanamh, a bheith cruthaitheach, agus comhoibriú a dhéanamh.


## Measúnú agus dul chun cinn

Tá measúnú fiúntach comhoibríoch agus tá sé mar bhunchuid de theagasc agus d'fhoghlaim ardchaighdeáin. Bíonn páistí, múinteoirí, tuismitheoirí, agus daoine eile páirteach ann. Cuireann sé eolas ar fáil a fheabhsaíonn an teagasc agus cuireann sé eolas ar fáil faoin dul chun cinn i bhfoghlaim na bpáistí trasna an churaclaim agus tacaíonn sé leis an dul chun cinn céanna.

## Príomhinniúlachtaí

De réir mar a dhéanann páistí caidreamh agus teagmháil le domhan sóisialta a mbaile, a bpobail, agus a scoile, is gá dóibh a bheith in ann déileáil le réimse leathan comhthéacsanna agus cásanna, ní hamháin le linn na hóige ach de réir mar a théann siad in aibíocht sna déaga agus san aosacht. Chomh maith leis sin, is gá do pháistí a bheith in ann caidreamh agus teagmháil a dhéanamh leis an dúlra mórthimpeall orthu agus a bheith buíoch as a luach agus a bhfreagrachtaí mar chaomhnóirí air.

Chun tacaíocht a thabhairt do pháistí agus chun a chur ar a gcumas é seo a dhéanamh, tógann curaclam na bunscoile ar eispéiris luathfhoghlama na bpáistí sa bhaile agus sa réamhscoil agus déanann sé tuilleadh forbartha orthu. Féachann sé leis an eolas, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na dearcthaí, agus na luachanna riachtanacha a thabhairt do na páistí a chuirfidh ar a gcumas iad féin a chur in oiriúint do réimse cásanna, dúshlán, agus comhthéacsanna a thacaíonn le Torthaí Foghlama níos leithne, agus déileáil leo. Cuirtear na cumais seo i láthair mar sheacht bpríomhinniúlacht a bhfuil dlúthcheangal eatarthu agus a bhaineann le céimeanna 1 go 4 (Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé) (féach Fíor 2). Tá nasc láidir idir na hinniúlachtaí le ceithre théama *Aistear* agus na hocht bPríomhscil sa *Chreat don tSraith Shóisearach*.




Fíor 2: Príomhinniúlachtaí

Tacaíonn na seacht bpríomhinniúlacht, mar gheall ar a nádúr idirnasctha, le fís an churaclaim cumhacht a thabhairt do pháistí gníomhú agus cinntí a dhéanamh maidir le heispéiris, le himeachtaí, agus le cásanna foghlama ar leith. Dá réir sin, tá níos mó i gceist leo ná scileanna agus eolas. Mar shampla, tá an bhéim ar eolas a aimsiú, a mheas, gníomhú ina leith, agus a úsáid, chomh maith leis an eolas a thuiscint ar a shon féin. Ar an gcaoi sin, déanann na hinniúlachtaí an fhoghlaim dhomhain a chumasú agus a chothú agus cuirtear freisin le forbairt iomlánaíoch na bpáistí. Léirítear na hocht bprionsabal foghlama, teagaisc, agus measúnaithe trí na hinniúlachtaí agus cuimsítear na luachanna agus na creidimh chéanna iontu.

Ós rud é go mbíonn ról lárnach ag na hinniúlachtaí i bhfoghlaim páistí, teastaíonn aird leanúnach uathu, agus tá siad leabaithe i ngach réimse curaclaim agus i ngach ábhar ó chéimeanna 1 go 4 trí na Torthaí Foghlama. Ar an gcaoi seo, cuireann na réimsí agus na hábhair sa churaclam le forbairt na bpríomhinniúlachtaí. Cuireann siad freisin le 'cad agus conas' na foghlama agus imríonn siad tionchar orthu, de réir mar a léiríonn páistí forbairt agus cur i bhfeidhm na n-inniúlachtaí le hinniúlacht mhéadaitheach. Tugann sé seo ábharthacht dóibh trasna an churaclaim agus soláthraíonn sé leanúnachas agus nascacht i bhfoghlaim na bpáistí agus iad ag dul tríd an mbunscoil. Ar nós na foghlama ar fad a dtacaítear léi trí na Torthaí Foghlama, beidh tionchar ag cúinsí, eispéiris, agus cumais éagsúla na bpáistí ar a ndul chun cinn i dtreo na bpríomhinniúlachtaí. Déantar cur síos ar gach inniúlacht thíos.

## A bheith i do shaoránach gníomhach

Cothaíonn an inniúlacht seo an t-eolas, na scileanna, na coincheapa, na dearcthaí, na luachanna, agus na meonta i bpáistí a spreagann agus a chumasaíonn iad mar shaoránaigh chun bearta dearfacha a dhéanamh chun maireachtáil go cóir, go hinbhuanaithe, agus le meas ar chearta daoine eile. Cabhraíonn sé le páistí a bhfuil ag tarlú sa domhan a cheistiú, a thuiscint, agus léirmheas a dhéanamh air i gcreat chearta an duine, cothromas, ceartas sóisialta, agus forbairt inbhuanaithe. Chomh maith leis sin, ardaíonn sé feasacht ar dhúshláin dhomhanda amhail athrú aeráide, coimhlint, agus éagothroime atá ag fás. Cuireann sé cleachtais dhaonlathacha i gcroílár an phróisis foghlama. Forbraíonn an inniúlacht seo acmhainn agus spreagadh na bpáistí le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach fhiúntach sa tsochaí ag leibhéal áitiúil, ag leibhéal náisiúnta, agus ag leibhéal domhanda, agus cothaíonn sí a gcumas le cur go dearfach agus go comhbhách le domhan níos inbhuanaithe agus níos cothroime a chruthú.

## A bheith cruthaitheach

Aithníonn an inniúlacht seo an chruthaitheacht atá i bpáistí ó nádúr. Tá fuinneamh cruthaitheach ag páistí agus teastaíonn a lán deiseanna uathu le bheith cruthaitheach. Dírítear ar ábhair spéise na bpáistí agus ar dheiseanna le haghaidh eispéiris chruthaitheacha fhiúntacha a chothú agus a chur chun cinn trí smaointe agus mothúcháin a iniúchadh, a shoiléiriú, agus a chur in iúl. Cuirtear cruthaitheacht in iúl ar a lán bealaí, i ngach réimse de ghníomhaíocht agus de chultúr an duine, agus bíonn úrmhaireacht i gceist. Bíonn foghlaimeoirí cruthaitheacha fiosrach agus samhlaíoch agus bíonn intinn oscailte acu. Trí ghníomhaíocht chruthaitheach, is féidir le páistí saothair a dhéanamh atá úrnua agus luachmhar trasna an churaclaim. De réir mar a fhorbraíonn páistí an inniúlacht seo, tagann siad ar an tuiscint go mbaineann taitneamh, iarracht, dul sa seans, smaointeoireacht chriticiúil, agus machnamh le gníomhaíocht chruthaitheach. Nuair a scaoiltear saor agus nuair a chuirtear chun cinn cumas cruthaitheach páistí, cuirtear lena spreagadh, lena bhféinmheas, agus lena bhforbairt iomlán.

## A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach

Tacaíonn an inniúlacht seo le páistí úsáid a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach go fiosrach, go cruthaitheach, go muiníneach, agus go criticiúil. Nuair a bhíonn páistí ina bhfoghlaimeoirí digiteacha, cothaítear a gcumas comhoibriú agus bláthú i ndomhan atá tumtha níos mó agus níos mó sa teicneolaíocht. Forbraíonn páistí a gcuid eolais, scileanna, coincheap, dearcthaí, luachanna, agus meonta trí fhadhbanna a réiteach, triail a bhaint as rudaí, agus rudaí a chruthú. Méadaíonn forbairt na hinniúlachta seo a muinín maidir le raon teicneolaíochta digití a úsáid chun leas a bhaint as a samhlaíocht agus a smaointeoireacht chruthaitheach agus a léiriú cruthaitheach a leathnú. Nuair a dhéantar páistí a chumasú le bheith ina saoránaigh dhigiteacha ghníomhacha, forbraíonn an inniúlacht seo a gcumas leis an teicneolaíocht a úsáid go freagrach, le meas, go slán, agus go heiticiúil. Cuireann an inniúlacht seo ar chumas páistí páirt a ghlacadh go criticiúil i ndomhan atá ceangailte go digiteach agus atá idirspleách, agus cur leis.

## A bheith matamaiticiúil

Tacaíonn an inniúlacht seo le páistí smaointeoireacht mhatamaiticiúil agus loighic a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun raon fadhbanna a réiteach. Is éard atá i gceist ná an mhuinín agus an scil a bheith acu chun an mhatamaitic a aithint agus a úsáid i ngach gné den saol. Is éard atá i gceist le bheith matamaiticiúil ná go mbíonn páistí ag tarraingt ar réimse eolais, scileanna, coincheap, dearcthaí, luachanna, agus meonta agus iad ag aithint faisnéis ón bhfíorshaol a chuirtear i láthair go matamaiticiúil, ag baint ciall aisti, agus á cur i bhfeidhm. Ní mór do pháistí a bheith in ann smaoineamh agus cumarsáid a dhéanamh go cainníochtúil, le réasún, chun ciall a bhaint as sonraí, agus chun dul i ngleic go criticiúil leo, chun feasacht spásúil a bheith acu agus chun patrúin agus seichimh a thuiscint. Nuair a aithnítear deiseanna chun matamaitic a úsáid trasna an churaclaim, is féidir le páistí a gcuid eolais, scileanna, agus loighic mhatamaiticiúil a aistriú chuig réimsí curaclaim eile agus chuig an domhan mór, ag saibhriú a gcuid eispéireas.

## A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid

Forbraíonn an inniúlacht seo tuiscint na bpáistí ar a bheith ag idirghníomhú le daoine eile agus cabhraíonn sí leo taitneamh a bhaint as. Is éard atá i gceist le bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid ná a bheith in ann foirmeacha éagsúla cumarsáide a thuiscint, a léirmhíniú, agus a úsáid, lena n-áirítear geáitsíocht, cur in iúl, teanga (a bhféadfadh Béarla, Gaeilge, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus teangacha eile a bheith san áireamh inti), téacs clóite, na meáin chraolta, agus na meáin dhigiteacha. Ina theannta sin bíonn páistí ag cruthú agus ag cíoradh cineálacha éagsúla téacs agus iad á dhéanamh sin le cuspóir.[3] Ní mór do pháistí a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus ceangal leo, d'fhonn páirt a ghlacadh sa tsochaí níos leithne, ciall a roinnt, agus eolas nua a fhorbairt. Méadaíonn forbairt na hinniúlachta seo muinín na bpáistí maidir le raon meán agus modhanna cumarsáide a úsáid a oireann do chuspóirí agus do luchtanna féachana éagsúla. Is éard atá i gceist ná go mbíonn páistí ag foghlaim cén chaoi lena n-eispéiris, a smaointe, agus a mothúcháin a roinnt ar bhealaí éagsúla agus le foghlaim cén chaoi le tuairimí daoine eile a thabhairt faoi deara, éisteacht leo, ciall a bhaint astu, agus meas a léiriú orthu.

[3] Cuimsíonn 'téacs' gach toradh ar úsáid teanga: caint, gothaí, comharthaí, scríobh, Braille, amharc, tadhlach, leictreonach, agus digiteach.

## A bheith slán

Forbraíonn an inniúlacht seo tuiscint agus léirthuiscint na bpáistí d'fholláine agus dá gcumas a bheith chomh sláintiúil agus is féidir leo - go fisiciúil, go sóisialta, go mothúchánach, agus go spioradálta. Cothaíonn sí féinghlacadh agus féinfheasacht, agus cuireann chun cinn cé chomh tábhachtach is atá sé go measann páistí go bhfuil siad féin cumasach agus seiftiúil. Tacaíonn sé sin lena gcumas déileáil le gnáthdhúshláin an tsaoil, teacht aniar a bheith iontu, agus cruthú go maith i suíomhanna agus i gcúinsí éagsúla. Cuidíonn an inniúlacht seo le páistí a bheith sláintiúil trí ghníomhaíocht fhisiciúil, bia, féinchúram, agus idirghníomhaíocht leis an dúlra. Cabhraíonn sí le páistí a bheith dearfach agus gafa lena gcuid foghlama, agus a n-uathúlacht agus a bpoitéinseal féin a aithint. Tacaíonn sí le caidrimh shláintiúla leo féin, lena bpiaraí, lena dteaghlach, agus leis an domhan mór. Aithníonn sí gné spioradálta na beatha freisin, rud a chuireann ar chumas páistí uamhan agus iontas a mhothú agus fios a bheith acu go bhfuil brí leis an mbeatha.

## A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach

Cuidíonn an inniúlacht seo le páistí feasacht orthu féin mar fhoghlaimeoirí a fhorbairt. Cuireann sí chun cinn forbairt an eolais, na scileanna, na gcoincheap, na ndearcthaí, na luachanna, agus na meonta a theastaíonn le bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach gníomhaíoch ar féidir leis foghlaim go neamhspleách agus in éineacht le daoine eile. Foghlaimíonn páistí cén chaoi le cumarsáid a dhéanamh, cuspóirí foghlama pearsanta agus comhoibrithe a leagan síos, fadhbanna a réiteach, agus idirghníomhaíochtaí le daoine eile a bhainistiú. Is éard atá i gceist leis an inniúlacht seo ná páistí ag foghlaim faoi dhaoine, rudaí, agus áiteanna mórthimpeall orthu agus sa domhan mór agus ag baint ciall astu. Nuair a bhíonn an inniúlacht seo á forbairt, foghlaimíonn páistí freisin lena machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama. Músclaíonn agus cothaíonn an inniúlacht seo fiosracht na bpáistí ó nádúr agus bíonn deiseanna acu le hidirghníomhú, le fiosrú, le ceisteanna a chur, agus le hiontas a dhéanamh. Tacaíonn an fhoghlaim le daoine eile agus faoi dhaoine eile le folláine na bpáistí mar go gcruthaíonn sé braistint chomhuintearais agus cheangail, agus feasacht a thógáil ar an méid uathúil atá gach páiste in ann a dhéanamh. Nuair a bhíonn páistí ag foghlaim in éineacht le daoine eile agus faoi dhaoine eile, cuirtear ar a gcumas comhbhá a fhorbairt, acmhainn thábhachtach a ligeann a n-aird a dhíriú agus a bhfuil á bhrath ag duine eile a fheiceáil agus a mhothú.

Cuirtear sampla tréithe ar fáil i dTábla 1 le haghaidh gach príomhinniúlachta. Níl sin ceaptha a bheith mar liosta uileghabhálach, ach ina ionad sin, déanann siad cur síos ar fhoghlaim shaintréitheach agus ar dheiseanna forbartha do pháistí laistigh de gach príomhinniúlacht a bheidh leabaithe trí Thorthaí Foghlama i sonraíochtaí an churaclaim.

**Tábla 1:** Tréithe gach príomhinniúlachta

| Príomhinniúlacht | Tréithe |
| --- | --- |
| A bheith i do shaoránach gníomhach | • Tuiscint a fhorbairt ar do chearta agus do chuid freagrachtaí féin agus ar chearta agus freagrachtaí daoine eile, agus gníomhú dá réir<br>• Taithí a fháil ar fhoghlaim trí chleachtais dhaonlathacha<br>• Éagóir agus neamhionannas a aithint, chomh maith le bealaí chun gníomhú<br>• An cumas a fhorbairt roghanna a dhéanamh agus gníomhú ar son todhchaí inbhuanaithe |
| A bheith cruthaitheach | • Páirt a ghlacadh in eispéiris chruthaitheacha agus chultúrtha agus sult a bhaint astu<br>• A bheith fiosrach<br>• A bheith samhlaíoch<br>• A bheith nuálach<br>• Próisis chruthaitheacha a úsáid<br>• Bealaí éagsúla cumarsáide a fhiosrú agus a phlé |
| A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach | • Cumarsáid a dhéanamh agus comhoibriú le daoine eile trí mheán na teicneolaíochta digití<br>• Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun rochtain a fháil ar ábhar, anailís a dhéanamh air, agus é a bhainistiú<br>• Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun cruthú ábhair, réiteach fadhbanna, agus cruthaitheacht a chumasú<br>• Idirghníomhú go heiticiúil, go criticiúil, agus go freagrach leis an teicneolaíocht dhigiteach |
| A bheith matamaiticiúil | • Tuiscint a bheith ann ar áisiúlacht agus áilleacht na matamaitice<br>• Smaoineamh agus cumarsáid a dhéanamh go matamaiticiúil<br>• Úsáid a bhaint as an matamaitic le fadhbanna a réiteach agus le ciall a bhaint as an saol<br>• Breathnú, meastachán, tuar, agus ríomh<br>• Caidrimh, treochtaí, naisc, agus patrúin a aithint<br>• Eolas agus sonraí a léirmhíniú, a phróiseáil, agus a mheas |

| | |
|---|---|
| A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid | • Forbairt a dhéanamh ar thuiscint focal agus teanga agus ar an sásamh a bhaintear astu<br>• Teanga eispriseach a fhorbairt<br>• Léamh ar son taitnimh agus le tuiscint chriticiúil<br>• Scríobh chun críocha éagsúla agus le haghaidh luchtanna léitheoireachta éagsúla<br>• Téacsanna éagsúla a chruthú agus a iniúchadh |
| A bheith slán | • Tuiscint a léiriú ar conas roghanna maithe a dhéanamh i dtaobh folláine<br>• Páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht choirp le muinín agus scil atá ag dul i méid an t-am ar fad<br>• A bheith féinfheasach agus athléimneach<br>• Gníomhú go freagrach agus aire a thabhairt duit féin agus do dhaoine eile<br>• A bheith spioradálta agus cuspóir agus brí a bheith agat sa saol<br>• A bheith diongbháilte agus solúbtha agus tú ag iarraidh fadhbanna a réiteach<br>• A bheith in ann measúnú a dhéanamh ar riosca agus freagairt dó |
| A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach | • A bheith ag súgradh, foghlaim, agus obair leat féin agus le daoine eile<br>• Scileanna agus straitéisí meiteachognaíocha a fhorbairt<br>• Caidrimh dhearfacha a chothú agus a chaomhnú<br>• Déileáil le coimhlint<br>• Meas a bheith agat ar dhifríocht<br>• Foghlaim faoi dhaoine eile<br>• Aire a thabhairt do dhaoine eile agus ionbhá a bheith agat leo |

## Réimsí agus Ábhair sa Churaclam

Cuirtear an curaclam i láthair i gcúig réimse leathana curaclaim:


1. Teanga
2. Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta, agus Matamaitice (ETIM)
3. Folláine
4. Oideachas Ealaíon
5. Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

Mar a thaispeántar i bhFíor 3, roinntear na réimsí curaclaim ina n-ábhair níos mó de réir mar a théann na páistí ó rang go rang sa bhunscoil.

Sa bhreis ar na cúig réimse thuas, tá ceart dlíthiúil ag pátrúin scoile a gclár féin a dhearadh de réir éiteas a scoile. Is cuid de thaithí foghlama na bpáistí i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta é an clár sin.








Fíor 3: Réimsí agus ábhair sa churaclam

## Céim 1 agus Céim 2: Naíonáin Shóisearacha – Rang a Dó

Tá na réimsí curaclaim comhghaolmhar. Tacaíonn siad le foghlaim agus forbairt páistí óga trína n-eispéiris foghlama roimhe sin trí *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* a leathnú. Tacaíonn na réimsí curaclaim le cur chuige comhtháite i leith foghlama agus teagaisc, agus tacaíonn siad le dul chun cinn. Aithníonn réimsí curaclaim aois agus céim forbartha páistí níos óige, agus tugann siad níos mó rogha don mhúinteoir agus é ag ullmhú d'eispéiris foghlama shaibhre agus á n-éascú trí chuir chuige spraíúla agus tharraingteacha. I measc dhá réimse curaclaim tá ábhair do chéimeanna 1 agus 2 – Teanga; Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, agus Innealtóireachta; agus Matamaitic. Cé nach bhfuil ábhair sainmhínithe go sonrach i réimsí curaclaim na Folláine, an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil agus an Oideachais Ealaíon le haghaidh chéim 1 agus 2, leagfaidh na Torthaí Foghlama bunchlocha tábhachtacha síos i dtreo foghlaim atá bunaithe ar ábhair.

## Céim 3 agus Céim 4: Rang a Trí – Rang a Sé

Tacaíonn an curaclam le foghlaim agus forbairt páistí níos sine i gcéimeanna 3 agus 4 (Rang a Trí go Rang a Sé) nuair a thógtar ar an mbunsraith láidir atá curtha ar fáil i gcéimeanna 1 agus 2. Roinntear réimsí curaclaim níos mó ina n-ábhair de réir mar a fhásann feasacht na bpáistí ar ábhair mar bhealach chun an domhan a eagrú. Leantar fós ag soláthar deiseanna tábhachtacha le haghaidh múineadh agus foghlaim i modhanna atá comhtháite. Tá Torthaí Foghlama a bhaineann go sonrach le hábhair ar leith i ngach réimse curaclaim. Tá na Torthaí Foghlama sin comhlántach agus tarraingíonn siad ar na hábhair eile sa réimse curaclaim sin. Tacaíonn sé sin le ceangail ar fud fhoghlaim na bpáistí agus, ina theannta sin, aithníonn sé a n-acmhainn le haghaidh smaointeoireacht agus foghlaim níos teibí ach caitheamh le coincheapa, scileanna, agus eolas atá oiriúnach ó thaobh aoise agus forbartha, taobh istigh d'fhiosrú agus d'imscrúdú ábharbhunaithe. Ag tógáil ar chéimeanna 1 agus 2, leanann na réimsí curaclaim ag soláthar deiseanna do theagasc agus foghlaim atá spraíúil agus spéisiúil.

Tá comhpháirteanna na sonraíochtaí curaclaim leagtha amach i dTábla 2.

Tábla 2: Comhpháirteanna sna sonraíochtaí curaclaim

| Ábhar | Cur síos |
|---|---|
| Réamhrá | Achoimre ar an mbonn fealsúnachta agus oideachais atá faoin réimse curaclaim. |
| Réasúnaíocht | Cur síos ar nádúr agus ar ról réimse an churaclaim agus na hábhair ghaolmhara i gcuraclam leathan na bunscoile. |
| Aidhmeanna | Fís don réimse curaclaim agus do na hábhair ghaolmhara a chuirtear in iúl trí shraith aidhmeanna. |
| Snáitheanna agus gnéithe | Roinnfear gach réimse curaclaim ina shnáitheanna agus déanfaidh na gnéithe cur síos ar an bhfoghlaim bhunriachtanach i ngach snáithe. |
| Torthaí Foghlama | Déanfaidh Torthaí Foghlama cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbeifear ag súil leo ó gach páiste tar éis tréimhse ama. |
| An curaclam i gcleachtas | Treoir agus tacaíocht a dhíríonn ar na smaointe móra atá mar bhonn agus taca le foghlaim, teagasc, agus measúnú ar ardchaighdeán sa seomra ranga. |

Cuirfear gach réimse curaclaim do chéimeanna 1 go 4 i láthair taobh istigh d'aon cháipéis amháin. I gcás chéimeanna 3 agus 4, cruthaíonn sé seo naisc níos láidre idir ábhair agus laghdaíonn sé dúbláil sa réimse. Cuirfear na Torthaí Foghlama le haghaidh gach cinn de na ceithre chéim i láthair taobh le taobh chun dul chun cinn san fhoghlaim a thaispeáint agus chun idirdhealú a dhéanamh idir eispéiris foghlama do pháistí, mar shampla, i seomraí ranga ilghrád. Tugtar achoimre ar gach réimse curaclaim sna hailt seo a leanas.

## Teanga

Cuireann foghlaim teangacha ar chumas páistí an domhan mórthimpeall orthu a thuiscint agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine eile. Is iomaí cineál cumarsáide atá ann agus is minic a bhíonn sí ilmhódach. Nuair a thugtar deiseanna do pháistí teagmháil a dhéanamh le réimse leathan de théacsanna cothaítear a dtuiscint do litríocht ó chultúir éagsúla agus an taitneamh is féidir a bhaint aisti. Cuireann teanga ar chumas páistí a bheith rannpháirteach ó thaobh na mothúchán de, go sóisialta, go cognaíoch, go samhlaíoch, agus go haeistéitiúil i gcaidrimh agus in eispéiris chultúrtha. Nuair a chuirtear deiseanna ar fáil do pháistí a bheith cruthaitheach trí theanga, is mó seans a bheidh ann go mbainfidh siad taitneamh as a bheith ag foghlaim teanga. Aithnítear sa churaclam na haistir foghlama teanga ar a bhfuil gach páiste sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Lena chois sin tugann sé aitheantas d'éagsúlacht teangacha, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann san áireamh, a úsáidtear i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta na hÉireann agus baintear leas as an éagsúlacht chéanna. Tacaítear le nuatheangacha iasachta a thabhairt isteach i gcéimeanna 3 agus 4, ag tógáil diaidh ar ndiaidh ar an eolas agus feasacht ar theanga atá ag páistí cheana féin agus ag dul ar aghaidh ó shamhail feasachta teanga go samhail inniúlachta i gcéim 4.

## Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta, agus Matamaitice (ETIM)

Tacaíonn Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta, agus Matamaitice (ETIM) le hacmhainn na bpáistí tuiscint a fháil ar an domhan mórthimpeall orthu agus dul i ngleic leis go hiomlán. Is í an Mhatamaitic is bonn leis an eolaíocht, teicneolaíocht, agus innealtóireacht agus is é atá inti ná staidéar ar na gaolta, ar na ceangail, agus ar na patrúin atá timpeall orainn. Tá dlúthcheangal idir an eolaíocht agus an teicneolaíocht agus innealtóireacht agus cuireann siad ar chumas páistí tairbhe a bhaint as a bheith ag foghlaim faoi theicneolaíochtaí traidisiúnta, faoi theicneolaíochtaí comhaimseartha, agus faoi theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus as a bheith ag obair leo. Agus próiseas deartha innealtóireachta á úsáid acu, bíonn deiseanna ag páistí fadhbanna ón bhfíorshaol a réiteach trí thurgnamhaíocht agus imscrúdú spraíúil. Cuireann fiosrú eolaíochta ar chumas páistí freisin suim a chur sa domhan bitheolaíoch, ábharach, agus fisiciúil, agus tuiscint air a fhorbairt, nuair a dhéanann siad coincheapa agus próisis eolaíochta a chíoradh agus a fhiosrú.

## Oideachas Ealaíon

Tá taithí leathan ar na healaíona ina bunchuid d'eispéireas páiste i rith na bunscolaíochta ar fad. Léiríonn agus síneann na healaíona tuiscint na bpáistí, a samhlaíocht, agus a gcruthaitheacht trí réimse leathan eispéireas. Is féidir le heispéiris den sórt sin aird gach páiste a tharraingt, inspioráid a thabhairt dóibh, agus iad a shaibhriú, ag gríosú na samhlaíochta agus á spreagadh lena gcumas cruthaitheach agus a gcumas chun iad féin a chur in iúl a bhaint amach. Cuireann Ealaín, Drámaíocht, agus Ceol deiseanna ar fáil d'eispéiris leathana sna healaíona, lena n-áirítear na hamharcealaíona, ealaíona na meán agus damhsa, a bhfuil ról luachmhar acu in eispéireas páistí ar óige. Cuidíonn eispéiris den sórt sin leo páirt iomlán a ghlacadh ina bpobal agus sa tsochaí trí chéile. Cé go bhfuil comhphróiseas cruthaitheach ag Ealaín, Drámaíocht, agus Ceol, agus go bhfuil scileanna inaistrithe ag baint leo, tá a chuid eolais, a choincheapa, agus a scileanna féin ag gach ceann acu agus tá luach ann féin ag gach ceann acu. Trí leas a bhaint as níos mó ná ábhar amháin, is féidir cur le foghlaim i bhfoirmeacha ealaíne eile agus í a fhorbairt trí chur chuige comhtháite maidir le hOideachas Ealaíon.

## Folláine

Tacaíonn Folláine le forbairt shóisialta, mhothúchánach, agus fhisiciúil na bpáistí anois agus amach anseo. Cuireann sí ar chumas páistí féinfheasacht agus féineolas a fhorbairt, scileanna saoil a thógáil, agus braistint láidir a fhorbairt go bhfuil dlúthbhaint acu lena scoil, lena bpobal, agus leis an tsochaí níos leithne. Chun na scileanna agus na meonta sin a fhorbairt, tá sé tábhachtach do pháistí a dtuiscint eiticiúil féin ar an domhan a fhorbairt. Spreagann oideachas luachanna machnamh ar roghanna, deiseanna a iniúchadh, agus tiomantas do fhreagrachtaí. Spreagfar páistí le luach a chur ar a bhfuil i gceist le bheith i do shaoránach gníomhach, le cearta agus freagrachtaí i gcomhthéacsanna áitiúla agus níos leithne. Tugann Folláine deiseanna struchtúrtha do pháistí a bheith chomh folláin agus is féidir leo a bheith, go fisiciúil agus go mothúchánach. Tarlaíonn sé sin nuair a spreagtar iad le tabhairt faoi ghníomhaíocht choirp agus roghanna a bhfuil bonn eolais fúthu a dhéanamh i dtaca le slí mhaireachtála shláintiúil. Ina theannta sin, tacaíonn Folláine le páistí chun luach a chur ar chaidrimh dhearfacha agus shláintiúla le daoine eile. Cuid de sin is ea tuiscint a fháil ar ghnéasacht an duine atá cothrom agus ceangailte le gné an chaidrimh agus le gné na mothúchán.

## Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

Cuireann Oideachas Sóisialta agus Imshaoil le tuiscint agus le forbairt na bpáistí ar na gnéithe agus próisis stairiúla, thíreolaíocha, agus shochaíocha den saol, gnéithe agus próisis atá ceangailte le chéile. Tacaíonn sé le feasacht na bpáistí ar an domhan, lena léirthuiscint dó agus lena dtuiscint air trí bheith ag foghlaim faoin éagsúlacht shaibhir pobal: a n-eispéiris, a gcultúir, a reiligiúin, a gcreidimh, agus a dtimpeallachtaí ag amanna éagsúla, in áiteanna éagsúla, agus i gcúinsí éagsúla. Cabhraíonn sé le páistí tuiscint a fhorbairt ar na himshaoil dhaonna agus nádúrtha agus an caidreamh idir eatarthu. Trí Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, forbraíonn páistí na dearcthaí, na coincheapa, na meonta, an t-eolas, na scileanna, agus na luachanna a spreagann iad agus a chumasaíonn iad le bheith ina saoránaigh eolacha agus ghníomhacha a chuireann todhchaí níos inbhuanaithe chun cinn. Déantar é seo ar bhealach níos fiúntaí agus níos cumhachtaithe trí shainaithint, iniúchadh, agus imscrúdú gníomhach na bpáistí ar dhúshláin agus ar dheiseanna áitiúla, náisiúnta, agus domhanda, san am atá thart agus san am i láthair. Dá réir sin, tagann páistí ar thuiscint agus ar léirthuiscint ar a gcearta agus a bhfreagrachtaí bunúsacha mar chaomhnóirí an phláinéid seo.

## Oideachas Reiligiúnach/Eiticiúil/Ilchreidmheach, agus Luachanna – Clár an Phátrúin

Is é pátrún na scoile a fhorbraíonn Clár an Phátrúin agus é mar aidhm leis rannchuidiú le forbairt iomlánaíoch an pháiste, go háirithe ón dearcadh reiligiúnach agus/nó eiticiúil, agus bíonn sé mar bhonn eolais agus mar thaca ag spiorad saintréitheach na scoile. Tá cláir phátrúin éagsúla i gcóras bunscoile na hÉireann a aithníonn éagsúlacht na pátrúnachta. Is cláir shainchreidmheacha nó reiligiúnacha iad roinnt acu sa nádúr, ina gcuirtear béim ar shuíomh chreideamh an pháiste agus ar an bhforbairt spioradálta agus mhorálta ina shaol. Tá cuid acu eiticiúil nó ilchreidmheach agus bunaithe ar luachanna, agus leagann siad béim ar thuiscint na bpáistí ar eitic agus luachanna agus ar a gcur i bhfeidhm i saol an pháiste. Cuireann na cláir phátrúin ar fad le forbairt agus féiniúlacht na bpáistí agus tacaíonn siad lena nasc leis an bpobal agus leis an tsochaí i gcoitinne.

# Foghlaim, Teagasc, agus Measúnú

Cuireann an fhís agus na prionsabail ar a bhfuil *Creatchuraclam na Bunscoile* bunaithe foghlaim, teagasc, agus measúnú ar ardchaighdeán i gcroílár an churaclaim. Tá gach prionsabal suntasach, agus tagann siad le chéile chun tacú le foghlaim na bpáistí. De réir mar a fhorbraíonn múinteoirí agus páistí eispéiris foghlama shaibhre agus de réir mar a ghlacann siad páirt iontu, éiríonn prionsabail na gCaidreamh agus na hOideolaíochta an-ábhartha. Cuireann múinteoirí, mar ghairmithe sciliúla agus gníomhaíocha, an curaclam i láthair trí chinntí a dhéanamh faoi cad ba chóir a mhúineadh, cathain ba cheart é a mhúineadh, agus conas foghlaim a chur in ord agus an luas ceart a chur fúithi. Áirítear leis seo cinntí faoi na heispéiris shonracha foghlama atá le soláthar, arna múnlú ag láidreachtaí, riachtanais, suimeanna, agus indibhidiúlacht na bpáistí.

Sa chuid seo, bunaithe ar phrionsabail an chreata, féachtar ar a thábhachtaí atá cur amach na múinteoirí ar na páistí agus ar a gcuid réamhfhoghlama, cur amach ar oideolaíocht, agus cur amach ar an gcuraclam mar chomhpháirteanna lárnacha den fhoghlaim, den teagasc, agus den mheasúnú ar ardchaighdeán.

## Cur amach ar na páistí agus a gcuid réamhfhoghlama

Áirítear le cur amach ar na páistí na páistí mar fhoghlaimeoirí agus mar bhaill de theaghlach agus de phobal. Is féidir an t-eolas seo a dhoimhniú trí idirghníomhaíochtaí dearfacha, trí fhaisnéis ábhartha a roinnt maidir le cúlraí na bpáistí, dea-chaidrimh, agus measúnú.

Tá idirghníomhaíochtaí dearfacha ríthábhachtach chun tacú le caidrimh le páistí agus tá siad tábhachtach chun aithne a chur ar pháistí agus eolas a fháil ar a gcuid réamhfhoghlama. Aithníonn an curaclam an luach a bhaineann le réimse iomlán na n-idirghníomhaíochtaí idir an múinteoir agus na páistí – idirghníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla agus foirmiúla, pleanáilte agus trí sheans, go sóisialta agus go cognaíoch – maidir le cur le tuiscint an mhúinteora ar an bpáiste. Bíonn tionchar ag caighdeán na n-idirghníomhaíochtaí ar fhoghlaim, ar fhorbairt, agus ar fholláine na bpáistí. Tá prionsabal an chreata ar Chomhpháirtíochtaí mar bhonn agus mar thaca ag rannchuidiú gach caidrimh agus idirghníomhaíocht ar fhoghlaim, ar theagasc, agus ar mheasúnú freagrúil i bpobal na scoile agus idir scoileanna agus suíomhanna oideachais eile (lena n-áirítear réamhscoileanna agus iar-bhunscoileanna).

## Measúnú

Mar a shonraítear i bprionsabal an chreata ar Mheasúnú agus dul chun cinn, is próiseas comhoibríoch é measúnú lena mbaineann páistí agus múinteoirí agus, uaireanta, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile agus iad ag bailiú, ag taifeadadh, ag léirmhíniú, ag úsáid, agus ag tuairisciú faisnéise i dtaca le dul chun cinn agus gnóthachtáil pháiste ó thaobh eolas, coincheapa, inniúlachtaí, scileanna, agus meonta a fhorbairt.

Measúnú:


- Is bunchuid den teagasc agus den fhoghlaim é.
- Cuireann sé faisnéis ar fáil do pháirtithe leasmhara éagsúla, páistí go háirithe.
- Bíonn an measúnú ar chontanam.

## Tá measúnú ina bhunchuid den fhoghlaim agus den teagasc

Iarracht chomhroinnte is ea an measúnú a léiríonn tuiscint ar an bhfoghlaim mar ghníomhaíocht shóisialta bhunúsach, ina n-oibríonn múinteoirí agus páistí le chéile chun eolas a úsáid mar bhonn eolais don fhoghlaim agus don teagasc. Nuair a chuirtear am rialta ar fáil do pháistí chun bheith ag caint faoina gcuid foghlama agus chun na chéad chéimeanna eile a shainaithint agus machnamh a dhéanamh orthu, cuirtear lena bhféiniúlacht mar fhoghlaimeoirí, agus cuireann piarmheasúnú agus comharfhoghlaim eile ar chumas páistí tacú le foghlaim a chéile agus í a shíneadh.

## Cuireann measúnú faisnéis ar fáil do pháirtithe leasmhara éagsúla


Cuireann measúnú faisnéis ar fáil do pháirtithe leasmhara éagsúla, páistí go príomha. Teastaíonn faisnéis ó pháistí a ligeann dóibh an áit a bhfuil siad ó thaobh a gcuid foghlama de, agus an méid a chaithfidh siad a dhéanamh chun dul níos faide ná sin, a shainaithint. I measc na bpáirtithe leasmhara eile a dteastaíonn faisnéis ón measúnú uathu tá múinteoirí, foireann tacaíochta, tuismitheoirí, ceannairí scoile, lucht déanta beartas, agus gairmithe eile. Éilíonn siad faisnéis, ní dóibh féin, ach chun cinntí a dhéanamh a mbeidh tionchar dearfach acu faoi dheireadh do pháistí (féach Fíor 4).




Fíor 4: Páirtithe leasmhara a gcuireann an measúnú faisnéis ar fáil dóibh

## Bíonn an measúnú ar chontanam

Tacaíonn an curaclam le contanam measúnaithe ón 'measúnú iomasach' go dtí 'idirghníomhaíochtaí pleanáilte' go dtí 'imeachtaí measúnaithe' mar a léirítear i bhFíor 5. Tagann na trí chineál measúnaithe le chéile agus tá siad riachtanach chun léargas cuimsitheach a fháil ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil pháiste. Ar fud an chontanaim, féachtar ar an bpáiste mar ghníomhaí gníomhach a dhéanann roghanna, agus a mhúnlaíonn a ngníomhartha measúnú ar bhealaí a bhfuiltear ag súil leo agus nach rabhthas ag súil leo araon. Tá tuiscint shoiléir ar fhorbairt páiste ina toisc shuntasach i gcumas gairmiúil na múinteoirí chun tacú le dul chun cinn na bpáistí san fhoghlaim. Forbraíonn gach páiste ar a mbealach uathúil féin. É sin ráite, is féidir patrúin áirithe a aithint de réir mar a fhorbraíonn páistí. Cuireann an t-eolas agus an fheasacht seo le héifeachtacht mheasúnú na múinteoirí ar an dul chun cinn sin agus cuireann siad leis an tuairisciú air.




Fíor 5: An contanam measúnaithe

Tarlaíonn measúnú iomasach go nádúrtha agus ar bhonn leanúnach i rith eispéiris foghlama. Tá sé comhtháite san oideolaíocht, is féidir é a bheith dofheicthe, ach atá beartaithe ag an múinteoir, agus is cuid an-dáiríre den phróiseas é.


Tá idirghníomhaíochtaí pleanáilte beagán níos follasaí agus cuimsíonn siad cleachtais mar chomhráite a dhéanamh le páistí, ceistiú a dhéanamh, iarraidh ar pháistí léarscáileanna coincheapa a dhéanamh, agus obair leantach a dhéanamh ar mheasúnuithe iomasacha nó ar imeachtaí measúnaithe.

Tá imeachtaí measúnaithe difriúil leis na cineálacha eile measúnaithe ar na bealaí seo: (1) is imeachtaí ar leith iad, (2) bíonn taifead ar thorthaí an mheasúnaithe i gceist leo i gcónaí, nach mór, (3) bíonn a fhios ag páistí go bhfuil measúnú á dhéanamh orthu. Nuair a úsáidtear iad i gceart, is féidir leis na measúnuithe seo foghlaim agus teagasc a threorú agus a fheabhsú. Tagann tástáil chaighdeánaithe sa chatagóir seo agus, bíodh go bhfuil sí tábhachtach, níl sí níos tábhachtaí ná cineálacha eile measúnaithe. Is féidir le múinteoirí úsáid a bhaint as bealaí éagsúla chun faisnéis mheasúnaithe a dhoiciméadú, amhail nótaí, grianghraif, físeáin, agus scéalta foghlama.

## Cur amach ar oideolaíocht

Aithnítear i bhfís agus i bprionsabail an churaclaim gur gairmithe tiomanta, sciliúla, agus gníomhaíocha iad múinteoirí i ról casta. Tagraíonn an téarma 'oideolaíocht' don ról sin agus cuireann sé san áireamh gníomhartha, focail, agus breithiúnais múinteoirí maidir le cad a fhoghlaimíonn páistí agus conas a fhoghlaimíonn siad iad, agus cén fáth a bhfuil eispéiris ar leith tábhachtach don fhoghlaim. Tosaíonn cur amach ar oideolaíocht le hoideachas tosaigh múinteoirí agus forbraíonn sé agus doimhníonn sé trí mhachnamh ar chleachtas, trí chomhráite le comhghleacaithe, agus trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

Tacaíonn *Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim – Treoir do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta* (Rialtas na hÉireann, 2021) le hullmhúchán gairmiúil. Tá ullmhúchán gairmiúil, mar aon le cur amach ar an ábhar, ina ghné fhíorthábhachtach d'oideolaíocht mhúinteora agus cuimsíonn sé gnéithe dofheicthe, infheicthe, agus taifeadta (féach Fíor 6). Cuireann ullmhúchán na múinteoirí ar an timpeallacht foghlama, laistigh agus lasmuigh araon, go mór le hoideolaíocht, mar a chuireann na hacmhainní a chuirfidh deiseanna ar fáil do na páistí a bheith ag súgradh, ag taiscéalaíocht, ag fiosrú, ag baint triail as rudaí, agus ag déanamh fionnachtana. Níos tábhachtaí fós ná an timpeallacht foghlama fhisiciúil is ea atmaisféar measúil, comhbhách, agus slán a chruthú a chothaíonn foghlaim agus forbairt.




Fíor 6: Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim (arna oiriúnú ó Rialtas na hÉireann, 2021, lch. 5)





Cuireann eispéiris foghlama prionsabal an chreata ar Ghníomhú agus rannpháirtíocht i bhfeidhm nuair atá siad spraíúil agus tarraingteach, nuair atá siad bunaithe ar thuiscint ar chur chuige oideolaíoch agus, nuair is féidir, go roghnaítear iad le páistí. Trí bheith sáite ann go hiomlán, tá páistí gníomhach agus taispeánann siad a gcumas gníomhúcháin ina gcumas gníomhú go neamhspleách agus roghanna a dhéanamh maidir lena gcuid foghlama agus ina gcuid foghlama.

Dá réir sin, léiríonn múinteoirí a gcumas gníomhúcháin nuair a fhreagraíonn siad do roghanna páistí trí chinntí gairmiúla a dhéanamh bunaithe ar spéiseanna, ar fhiosracht, agus ar réamhfhoghlaim na bpáistí, agus ar an gcuraclam agus ar chuir chuige scoile uile. Tugann eispéiris churaclaim deiseanna do mhúinteoirí agus páistí araon le haghaidh cinntí a dhéanamh, a bheith cruthaitheach, agus comhoibriú a dhéanamh, agus is cuspóir suntasach den oideolaíocht múinteoirí í an rannpháirtíocht sin.

Cuirtear chun cinn sa chreat úsáid na gcur chuige éagsúil solúbtha i leith na hoideolaíochta agus, ina dhiaidh sin, eispéiris foghlama, ag aithint na ndifríochtaí atá ann ar fud scoileanna, seomraí ranga, agus, ar ndóigh, páistí.

## Súgradh agus spraíúlacht

Cé gur d'earnálacha éagsúla iad *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige* agus *Creatchuraclam na Bunscoile*, tá siad ailínithe anois chun tacú le leanúnachas agus dul chun cinn gach páiste agus iad ag déanamh an aistrithe ón réamhscoil go dtí bunscoileanna agus scoileanna speisialta. Tá an t-ailíniú seo le feiceáil go háirithe san fhócas sa dá chreat ar oideolaíocht súgartha. Soláthraíonn *Creatchuraclam na Bunscoile* soiléireacht agus cinnteacht maidir le hoiriúnacht agus lárnacht an tsúgartha agus cineálacha cuir chuige spraíúla i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta, áit ar príomhghnéithe foghlama agus teagaisc iad.

I rith na hóige, is fiú an súgradh ann féin, agus tá idir cheart ag páistí ar shúgradh agus fhonn súgartha a bheith orthu. Tá súgradh agus spraíúlacht ina ngnéithe tábhachtacha freisin d'eispéiris foghlama na bpáistí agus cur i bhfeidhm an churaclaim i gcoitinne. Tarlaíonn cuir chuige shúgartha agus spraíúla ar scoil ar thrí bhealach dhifriúla go ginearálta: súgradh atá faoi stiúir iomlán na bpáistí; gníomhaíochtaí spraíúla atá pleanáilte ag an múinteoir agus a bhfuil an múinteoir i gceannas orthu; agus amanna a roinneann an múinteoir agus na páistí gníomhaíocht súgartha, ag forbairt an tsúgartha le chéile. I rith na n-eispéireas seo, bíonn an teagasc agus an fhoghlaim corrach agus solúbtha, agus tagann deiseanna foghlama nach rabhthas ag súil leo aníos agus deiseanna foghlama eile atá ag teacht chun cinn. Ullmhaíonn múinteoirí don súgradh trí bhloic fhada ama a sholáthar, tríd an timpeallacht foghlama a oiriúnú go cuí, agus trí atmaisféar tacúil a chinntiú. Cuireann súgradh agus eispéiris spraíúla deiseanna ar fáil do pháistí úinéireacht agus freagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama féin.

## Comhtháthú

Tá páistí ina gcónaí i ndomhan comhtháite agus, i gcás fhormhór na bhfadhbanna ón bhfíorshaol, ní mór do pháistí eolas agus scileanna ó réimsí iomadúla a chur i bhfeidhm. Dá bharr sin, teastaíonn deiseanna uathu ar scoil chun an meon le heolas agus scileanna a úsáid go solúbtha a fhorbairt agus is féidir le heispéiris foghlama chomhtháite an comhthéacs sin a thabhairt dóibh.

Spreagann an curaclam comhtháthú, agus tacaíonn sé leis, ar roinnt bealaí:

- ag tabhairt aghaidh ar fhoghlaim trí réimsí curaclaim
- ag leabú príomhinniúlachtaí sna Torthaí Foghlama ar fud na réimsí agus na n-ábhar sa churaclam
- ag cur deiseanna ar fáil, trí Thorthaí Foghlama, do mhúinteoirí agus páistí tarraingt ar fhoinsí iomadúla eolais agus scileanna agus iad i mbun foghlama.

Ina theannta sin, aithnítear sa churaclam go gcumasaíonn idirghníomhaíochtaí an mhúinteora leis na páistí agus a n-eispéiris saoil chun téamaí fónta, scileanna idirdhisciplíneacha, smaointe móra, agus fadhbanna ón bhfíorshaol a aithint. Is túsphointí iad sin le haghaidh teagasc agus foghlaim chomhtháite. Is cuid lárnach den réasúnaíocht le haghaidh comhtháthú a chur chun cinn sa seomra ranga é an curaclam a cheangal le saol na bpáistí ar bhealaí lánbhrí agus cuireann sé sin prionsabail an churaclaim i bhfeidhm.



## Cur amach ar an gcuraclam

Cuireann an curaclam an treo agus an ceann scríbe le haghaidh na foghlama thar na ceithre chéim den bhunscoil ar fáil. Cumasaíonn cur amach na múinteoirí ar an gcuraclam (lena n-áirítear an fhís, na prionsabail, na príomhinniúlachtaí, na réimsí curaclaim, agus na próisis foghlama, teagaisc, agus mheasúnaithe) eispéiris foghlama ar ardchaighdeán do gach páiste i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta. Cuimsíonn cur amach ar an gcuraclam na Torthaí Foghlama freisin agus, le feasacht, na naisc is féidir a dhéanamh thar ghnéithe agus snáitheanna nó, go deimhin, thar réimsí nó ábhair curaclaim.

Tá cur amach den sórt sin bainteach le heolas oideolaíoch ar an ábhar, gné shuntasach d'acmhainn ghairmiúil múinteoirí. Cuireann múinteoirí, a thógann ar réamhfhoghlaim na bpáistí agus a chruthaíonn dlúthchaidreamh idir an curaclam, oideolaíocht, agus measúnacht, go mór le dul chun cinn na bpáistí san fhoghlaim. Tá cur amach ar an gcuraclam riachtanach chun fís an churaclaim a bhaint amach, is é sin, bunús láidir a thabhairt do gach páiste ionas go n-éireoidh go maith leo, go mbeidh siad siad in ann a bheith rathúil agus blathú, agus go mbainfidh siad barr a bpoitéinsil amach. I gcomhthéacs na scoile speisialta, ba cheart an fhoghlaim bheartaithe do pháistí a tharraingt as curaclam bunscoile nó iar-bhunscoile atá aoisoiriúnach chun a dheimhniú go mbeidh rochtain ag na páistí ar oideachas atá ionchuimsitheach agus oiriúnach dá n-inniúlachtaí agus dá riachtanais, go mbeidh siad rannpháirteach ann, agus go mbainfidh siad tairbhe as.



## Leithdháiltí Ama

Cabhraíonn leithdháiltí ama molta le múinteoirí agus le scoileanna ina gcuid oibre leis an gcuraclam. Tá siad le húsáid go solúbtha mar a ullmhaíonn múinteoirí eispéiris foghlama shaibhre agus mar a fhreagraíonn siad do riachtanais foghlama na bpáistí thar thréimhse míosa (bunaithe ar thréimhse ceithre seachtaine). Tá na leithdháiltí ama a mholtar le feiceáil san Aguisín. Mar a léirítear i bhFíor 7, tá dhá chatagóir ama i gceist leis na leithdháiltí: Íos-Am Curaclaim (leithdháiltí seachtainiúla agus míosúla) agus Am Solúbtha (leithdháiltí míosúla).


Soláthraíonn Íos-Am Curaclaim leithdháileadh íos-am seachtainiúil don Teanga, don Mhatamaitic, agus don Fholláine agus leithdháileadh íos-am míosúil (bunaithe ar thréimhse ceithre seachtaine) don Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, agus Innealtóireachta; don Oideachas Sóisialta agus Imshaoil; agus don Oideachas Ealaíon. Nuair a leagtar an t-am síos ar bhonn míosúil, tugann an creat níos mó solúbthachta do scoileanna agus do mhúinteoirí ó thaobh cinneadh a dhéanamh cén chaoi is fearr le húsáid a bhaint as am ar fud an churaclaim. Chomh maith leis sin laghdaíonn an cur chuige seo an seans go dtabharfar an iomarca airde ar réimse ar leith den churaclam nó nach dtabharfar dóthain airde ar réimse ar leith den churaclam, rud a chinntíonn go mbeidh eispéireas foghlama leathan agus cothrom ag na páistí.

Aithníonn an creat go bhfoghlaimíonn páistí a lán rudaí éagsúla, go minic ó réimsí agus ó ábhair éagsúla, ag an am céanna i rith eispéiris foghlama shaibhre agus thumthacha. Tugann sé deiseanna do mhúinteoirí freisin bloic shubstaintiúla ama a úsáid ina bpleanáil churaclaim chun go mbeidh siad in ann úsáid a bhaint as cuir chuige oideolaíocha ar leith amhail obair thionscadail, súgradh, foghlaim ar bhonn fiosraithe, Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT), agus a bheith páirteach i dtionscnaimh áitiúla.

Tá sé beartaithe go n-úsáidfear an dara catagóir, Am Solúbtha, go solúbtha agus go cruthaitheach. Tacaíonn sé le freagraí ar thosaíochtaí oideachais reatha scoileanna agus tosaíochtaí amach anseo, ag cabhrú le scoileanna cinneadh a dhéanamh conas is fearr freastal ar riachtanais foghlama, spéiseanna agus cumais páistí, agus riachtanais múinteoirí agus scoileanna maidir le hullmhú, teagasc, agus measúnú. Cinneann gach scoil cén chaoi is fearr leis an am seo a leithdháileadh ar fhoghlaim, ar theagasc, agus ar mheasúnú. I gcaitheamh na bliana, d'fhéadfadh scoil úsáid a bhaint as Am Solúbtha le haghaidh ceann amháin, cuid nó gach ceann acu seo a leanas:

- tréimhsí fada d'fhoghlaim dhomhain i gceann amháin nó níos mó de na réimsí curaclaim
- gníomhaíochtaí sa scoil uile nó páirt a ghlacadh i dtionscnaimh agus imeachtaí áitiúla, réigiúnacha, agus náisiúnta
- tionscadal a phleanáil agus a chur i gcrích sa cheantar áitiúil
- díriú ar an bhfoghlaim a bhaineann leis na príomhinniúlachtaí
- úsáid a bhaint as cuir chuige oideolaíocha a dtéann tréimhsí fada ama chun tairbhe dóibh
- foghlaim a bhaineann le gné áirithe de Chlár an Phátrúin.

Tá sé mar chuspóir ag an gcuraclam eispéireas foghlama cuimsitheach agus comhleanúnach a chur ar fáil do gach páiste. Tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar úsáid na leithdháiltí ama ar an mbealach is solúbtha, ar mhaithe le foghlaim chomhtháite a chuimsiú, leas a bhaint as deiseanna foghlama nach rabhthas ag súil leo, luas na foghlama a shocrú mar fhreagairt ar riachtanais na bpáistí, agus tacú le heispéiris foghlama thumthacha agus tharraingteacha.




Fíor 7: Am a úsáid chun tacú le foghlaim, teagasc, agus measúnú comhtháite

# Aistrithe agus Leanúnachas i bhFoghlaim Páistí

Is prionsabal foghlama, teagaisc, agus measúnaithe i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta é Aistrithe agus leanúnachas i bhfoghlaim páistí. Tagann páistí chuig na scoileanna seo le heispéiris shaibhre ilchineálacha arna múnlú ag a dteaghlach agus ag a bpobal agus, níos minice agus níos minice, ag suíomhanna luathóige, réamhscoileanna san áireamh. Ó na heispéiris sin agus tríothu, forbraíonn siad dearcthaí, coincheapa, meonta, eolas, scileanna, agus luachanna. Aithníonn an curaclam an fhoghlaim sin agus an tábhacht a bhaineann le tógáil uirthi agus páistí ag leanúint dá n-aistear foghlama sa bhunscoil agus i scoil speisialta sula dtéann siad go dtí an iar-bhunscoil.

Caitheann páistí ocht mbliana sa bhunscoil. Mar a luaitear i bhfís an churaclaim, leagtar síos bunsraith thábhachtach do gach páiste sna blianta seo le go mbeidh siad in ann a bheith rathúil agus bláthú, agus go mbeifear in ann tacú leo a bpoitéinseal a chomhlíonadh mar dhaoine aonair agus mar bhaill de phobail agus den tsochaí i gcaitheamh a n-óige agus amach anseo.

Tá leanúnachas taithí agus dul chun cinn san fhoghlaim tábhachtach i rith na n-ocht mbliana seo. Cuid den bhunoideachas do pháistí is ea príomhaistrithe lena n-áirítear, den chuid is mó acu, an t-aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil nó scoil speisialta, agus an t-aistriú ansin ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil. Tá tábhacht ar leith ag baint le faisnéis i dtaca le foghlaim agus forbairt a roinnt ag na pointí aistrithe seo ionas go mbeidh múinteoirí in ann eispéiris a phleanáil a chuireann ar chumas páistí leanúint den dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid foghlama trasna an churaclaim. Tacaítear leis an aistriú faisnéise seo trí na teimpléid um thuairisciú i *Mo Scéal: Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil* agus tríd an b*Pas Oideachais*. Nuair a thógtar caidreamh idir an réamhscoil agus an bhunscoil agus scoileanna speisialta, agus caidreamh idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil, cabhraítear le páistí agus lena dteaghlaigh ag an dá phríomhphointe aistrithe seo.



Tarlaíonn aistrithe ó bhliain go bliain sa scoil freisin. Nuair a bhogann páistí ó mhúinteoir amháin go múinteoir eile, ag tús scoilbhliana nua nó mar chuid den ghnáthamh laethúil nó seachtainiúil, tá sé tábhachtach go mbeidh deiseanna ag na múinteoirí sin le haghaidh comhráite gairmiúla faoi fhoghlaim na bpáistí agus faoin gcaoi ar féidir tacú leo a thuilleadh ina gcuid foghlama.

Agus iad ag gluaiseacht ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil, bíonn páistí fós ag tógáil ar eispéiris a bhí acu roimhe sin mar go dtacaítear lena gcuid foghlama tríd an g*Creat don tSraith Shóisearach*. Leagann a bhfoghlaimíonn siad sa bhunscoil agus i scoileanna speisialta agus an chaoi a bhfoghlaimíonn siad é bunchloch láidir le haghaidh a gcuid foghlama sa tSraith Shóisearach.



# Oideachas Ionchuimsitheach agus Éagsúlacht

Díríonn prionsabal an chreata ar Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht ar na luachanna agus ar na cleachtais a chuireann ar chumas páistí, mar dhaoine aonair, a bheith ar a suaimhneas, a bheith muiníneach, agus a mhothú go bhfuil meas orthu agus go bhfuil siad sábháilte ionas go mbeidh siad in ann tabhairt faoi fhoghlaim lánbhrí agus barr a bpoitéinsil a bhaint amach. Baineann an creat le leas gach páiste, ag cur san áireamh go mbíonn éagsúlacht eatarthu maidir le hinniúlacht, teanga, cúlra teaghlaigh, aois, cultúr, stádas eitneach, reiligiún, inscne, agus féiniúlacht ghnéis.

Tacaíonn an curaclam le scoileanna chun eispéireas foghlama atá ionchuimsitheach agus atá oiriúnach ó thaobh forbartha de a chur ar fáil do gach páiste sa bhunscoil agus iad ag imeacht ón timpeallacht foghlama sa bhaile nó ón réamhscoil. Trína fhís agus trína chuid prionsabal, spreagann an curaclam léirthuiscint do chumais uathúla, ábhair spéise, cultúr, teanga, agus cúlra na bpáistí. Agus an cur amach sin mar bhonn eolais acu agus le hacmhainní cuí, is féidir le múinteoirí bunscoile agus scoileanna speisialta atmaisféar scoile measúil a chothú agus a gcuraclam agus a gcuid idirghníomhaíochtaí a thógáil chun prionsabail ionchuimsitheacha a chur chun cinn go réamhghníomhach sa scoil.





I dtimpeallachtaí foghlama ionchuimsitheacha, déantar iarracht baic a bhaint le go mbeidh an fhoghlaim níos lánbhrí agus níos ábhartha do gach páiste, go háirithe dóibh siúd a bhfuil an baol is mó ann go bhfágfar ar an taobh amuigh iad. Aithnítear freisin go mbíonn dúshláin ag baint le timpeallachtaí foghlama ionchuimsitheacha a chruthú. Tá roinnt príomhchur chuige ann ar féidir le scoileanna agus le múinteoirí iad a ghlacadh chun timpeallachtaí foghlama ionchuimsitheacha a fhorbairt:

- a thuiscint go bhfuil riachtanais ar leith, tuairimí ar leith, cultúir ar leith, agus creidimh ar leith ag páistí aonair ar gá iad a aithint agus a thuiscint, caitheamh leo le meas agus iad a léiriú i rith a gcuid blianta sa bhunscoil
- oideolaíochtaí agus cleachtais mhothálacha a chur chun cinn ionas go mbraithfidh gach páiste agus teaghlach go bhfuil siad á gcur san áireamh, go bhfuil luach orthu, agus go bhfuiltear á dtabhairt faoi deara
- a bheith ag obair i gcomhpháirtíocht agus cumarsáid a dhéanamh le teaghlach an pháiste agus leis an bpobal níos leithne
- a aithint go bhfuil gach páiste uathúil agus go mbeidh siad ag forbairt agus ag foghlaim ar a luas féin, agus meas a bheith air sin
- páistí a spreagadh lena gcuid buanna agus na saintréithe a roinneann siad lena bpiaraí a aithint
- deis a thabhairt do pháistí a bheith páirteach nuair atá cinntí á ndéanamh faoina gcuid foghlama féin
- meas a bheith ar éagsúlacht an pháiste, a theaghlaigh, agus a phobail i rith a thréimhse sa bhunscoil agus i scoileanna speisialta.

Trí eispéiris foghlama éagsúla, déanann páistí ceangail le teangacha, cultúir, agus cruinneshamhlacha ilchineálacha. Cabhraíonn sé sin le pobail scoile a thógáil a chothaíonn inathraitheacht foghlaimeoirí agus a fhreagraíonn di, rud a chothaíonn braistint chomhuintearais do chách.

## Tuismitheoirí agus an Timpeallacht Foghlama sa Bhaile

Tá ról lárnach ag tuismitheoirí in oideachas a bpáiste. Is iad príomhoideachasóirí an pháiste iad, agus cuireann an curaclam cur chuige comhpháirtíochta chun cinn le tuismitheoirí chun tacú le forbairt iomlánaíoch a bpáiste. Tacaíonn caidrimh dhearfacha agus cumarsáid réamhghníomhach idir tuismitheoirí agus scoileanna le feasacht ar phrionsabail an churaclaim, ar an bhfoghlaim a chuireann sé ar fáil, agus ar na cuir chuige i leith foghlama, teagaisc, agus measúnaithe a úsáidtear. Cumasaíonn sin múinteoirí agus tuismitheoirí tuairimí a roinnt agus an té eile a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn an pháiste sa scoil agus lasmuigh den scoil.

Tacaítear le foghlaim an pháiste sa bhaile a leathnú agus a dhaingniú trí mheonta dearfacha i dtreo foghlama a bheith ag tuismitheoirí, chomh maith le heispéiris éagsúla agus shaibhrithe a bheith ar fáil trí ghníomhaíochtaí foghlama. D'fhéadfadh obair bhaile a bheith san áireamh leo. Tacaíonn an curaclam leis an bhfoghlaim sa bhaile trí ghníomhaíochtaí atá fiúntach, éagsúil, mealltach, tacúil maidir le cumas gníomhúcháin agus rogha an pháiste, tuisceanach ar an timpeallacht foghlama sa bhaile, oiriúnach ó thaobh forbartha de, agus ailínithe le riachtanais agus cumais éagsúla na bpáistí.

## Ag Tacú le Pobail Scoile le Cur i bhFeidhm an Churaclaim

Trí oibriú i dtreo na físe agus na bprionsabal atá i *gCreatchuraclam na Bunscoile*, tá deiseanna, smaointeoireacht nua, agus féidearthachtaí nua ann. Mar sin féin, tá dúshláin, éiginnteacht, agus cur isteach ag baint le hathrú ar an scála sin freisin. Tá tacar dinimiciúil de choinníollacha leanúnacha ag teastáil chun Curaclam na Bunscoile a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm. Tá na coinníollacha seo riachtanach chun a chur ar chumas scoileanna oibriú go rathúil leis an gcuraclam agus chun tacú leo, lena n-áirítear an gá atá leis na nithe seo a leanas:

- am agus spás chun dul i dtaithí ar na smaointe nua sa churaclam agus ar na hathruithe ar an gcuraclam, agus am le bheith ag obair le comhghleacaithe chun pleanáil a dhéanamh i dtreo an curaclam a chur i bhfeidhm ag leibhéal na scoile
- rochtain leanúnach agus deiseanna ar thacaíocht ghairmiúil, scoilbhunaithe, d'ardchaighdeán
- múinteoirí agus ceannairí scoile a chumasú agus tacú leo chun riachtanais tacaíochta ghairmiúla scoilbhunaithe a shainaithint agus tús áite a thabhairt dóibh, taobh le tosaíochtaí náisiúnta
- deiseanna leanúnacha do scoileanna mar phobail foghlama chun machnamh a dhéanamh ar na hathruithe sa churaclam, iad a bhreithniú, ullmhú dóibh, agus iad a chur i bhfeidhm
- ceannaireacht oideachais a leabú mar chleachtas dáilte atá fréamhaithe san fhoghlaim, sa teagasc, agus sa mheasúnú

- athbhreithniú a dhéanamh agus, nuair is gá, uasdátú a dhéanamh ar riachtanais scoileanna, mar shampla, i réimsí ábhartha amhail pleanáil agus cáipéisíocht churaclaim, agus tástáil chaighdeánaithe
- na hathruithe ar an gcuraclam a leabú in oideachas múinteoirí
- comhordú a dhéanamh ar rannchuidiú na gcomhpháirtithe oideachais i gcoitinne, na Cigireachta, agus na seirbhísí tacaíochta agus iad ag obair le chéile chun athrú curaclaim a chur i bhfeidhm.

Tá an Roinn Oideachais ag obair go dlúth leis na páirtithe leasmhara oideachais chun bealaí praiticiúla a shainaithint inar féidir tacú go cuimsitheach le scoileanna de réir mar a théann siad i dtaithí ar *Chreatchuraclam na Bunscoile* agus de réir mar a thosaíonn siad ag baint úsáid as na sonraíochtaí curaclaim nua.

Cuireann na heispéiris a bhain le curaclam bunscoile 1999 a thabhairt isteach agus a bheith ag tacú leis, agus leis an *Primary Language Curriculum/Curaclam Teanga na Bunscoile* (Rialtas na hÉireann, 2019) a tugadh isteach níos déanaí, foghlaim shaibhir ar fáil faoi thacaíocht a thabhairt d'athrú curaclaim a d'fhéadfadh torthaí dearfacha a thabhairt do scoileanna. Áirítear leis sin cineálacha, nádúr, uainiú, agus luas na dtacaíochtaí. Is féidir é sin go léir a bheith mar bhonn eolais ag dearadh agus cur i bhfeidhm cur chuige cuimsitheach maidir le tacú le scoileanna agus iad a chumasú chun oibriú leis an gcuraclam.



# Tagairtí



An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE) (1999). *Curaclam na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ag: www.curriculumonline.ie/Primary

An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) (2015). *Creat don tSraith Shóisearach 2015*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ag: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/05e2ab-none/

Rialtas na hÉireann (2019). *The Primary Language Curriculum/Curaclam Teanga na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Ar fáil ar: https://www.curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Primary-Language/

Rialtas na hÉireann (2021). *Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim – Treoir do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/5016/preparation-for-teaching-and-learning.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2009). *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*. Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ar: https://curriculumonline.ie/Early-Childhood/



# Aguisín: Leithdháiltí Ama Molta[4]

Tá dhá chatagóir sna leithdháiltí ama molta: Íos-Am Curaclaim (seachtainiúil agus míosúil) agus Am Solúbtha (míosúil). Soláthraíonn Íos-Am Curaclaim leithdháileadh ama seachtainiúil don Teanga, don Mhatamaitic, agus don Fholláine agus leithdháileadh ama míosúil (bunaithe ar thréimhse ceithre seachtaine) d'Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, agus Innealtóireachta; Oideachas Sóisialta agus Imshaoil; agus Oideachas Ealaíon.

Tá sé beartaithe go n-úsáidfear leithdháiltí ama go solúbtha, ar mhaithe le foghlaim chomhtháite a chuimsiú, leas a bhaint as deiseanna foghlama nach rabhthas ag súil leo, luas na foghlama a shocrú mar fhreagairt ar riachtanais na bpáistí, agus tacú le heispéiris foghlama thumthacha agus tharraingteacha.

| Céim 1 (Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha) | | | |
|---|---|---|---|
| Leithdháiltí seachtainiúla | | Leithdháiltí míosúla (ceithre seachtaine) | |
| Teanga<br>*Teanga 1*<br>*Teanga 2* | 5 uair an chloig agus 45 nóiméad<br>3 uair an chloig agus 15 nóiméad<br>2 uair 30 nóiméad | | 23 uair an chloig |
| Matamaitic | 3 uair an chloig | | 12 uair an chloig |
| | | Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, agus Innealtóireachta | 3 uair 20 nóiméad |
| Folláine | 2 uair 30 nóiméad | | 10 n-uair an chloig |
| | | Oideachas Sóisialta agus Imshaoil | 6 uair an chloig |
| | | Oideachas Ealaíon | 9 n-uair an chloig |
| | | Am Solúbtha | 5 uair an chloig |

| Céim 2 (Rang a hAon agus Rang a Dó) | | | |
|---|---|---|---|
| Leithdháiltí seachtainiúla | | Leithdháiltí míosúla (ceithre seachtaine) | |
| Teanga<br>*Teanga 1*<br>*Teanga 2* | 7 n-uair an chloig agus 45 nóiméad<br>4 uair 45 nóiméad<br>3 uair an chloig | | 31 uair an chloig |
| Matamaitic | 4 uair an chloig | | 16 uair an chloig |
| | | Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, agus Innealtóireachta | 4 uair an chloig |
| Folláine | 3 uair an chloig | | 12 uair an chloig |
| | | Oideachas Sóisialta agus Imshaoil | 9 n-uair an chloig |
| | | Oideachas Ealaíon | 9 n-uair an chloig |
| | | Am Solúbtha | 6 uair an chloig |

| Céimeanna 3 agus 4: (Rang a Trí - Rang a Sé) | | | |
|---|---|---|---|
| Leithdháiltí seachtainiúla | | Leithdháiltí míosúla (ceithre seachtaine) | |
| Teanga<br>*Teanga 1*<br>*Teanga 2*<br>*Teanga 3* | 7 n-uair an chloig agus 45 nóiméad<br>3 uair an chloig agus 45 nóiméad<br>3 uair an chloig<br>1 uair an chloig | | 31 uair an chloig |
| Matamaitic | 4 uair an chloig | | 16 uair an chloig |
| | | Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, agus Innealtóireachta | 5 uair an chloig |
| Folláine | 3 uair an chloig | | 12 uair an chloig |
| | | Oideachas Sóisialta agus Imshaoil | 8 n-uair an chloig |
| | | Oideachas Ealaíon | 8 n-uair an chloig |
| | | Am Solúbtha | 7 n-uair an chloig |

| Leithdháiltí seachtainiúla | | |
|---|---|---|
| Oideachas Reiligiúnach/Eiticiúil/Ilchreidmheach, agus Luachanna – Clár an Phátrúin | Céim 1 | 1 uair an chloig agus 40 nóiméad |
| | Céimeanna 2 go 4 | 2 uair an chloig |

| Leithdháiltí seachtainiúla | |
|---|---|
| Glaoch rolla agus am tionóil | 1 uair an chloig agus 15 nóiméad |
| Sosanna | 50 nóiméad |
| Fóillíocht | 2 uair 30 nóiméad |

[4] Beidh gá le breithniú ar leith ar leithdháiltí teanga i ngaelscoileanna agus i scoileanna sa Ghaeltacht ina bhfuil tumoideachas ar siúl i nGaeilge iontu. Sna comhthéacsanna seo, is í an Ghaeilge an meán trína bhfaightear rochtain ar an gcuraclam iomlán, seachas an curaclam Béarla. D'fhonn tacú le sealbhú na Gaeilge is féidir moill a chur ar fhoghlaim fhoirmiúil an Bhéarla go dtí rang a haon.

# Nótaí


Purpose
westland

An Roinn Oideachais
Department of Education